Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0212

Na socruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil i ndáil le tobac agus táirgí a bhaineann le tobac

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Meitheamh 2026 ar an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2020/262 a mhéid a bhaineann leis na socruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil i ndáil le tobac agus táirgí a bhaineann le tobac (COM(2025)0581 – C10-0296/2025 – 2025/0581(CNS))

(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2025)0581),

– ag féachaint d'Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0296/2025),

– ag féachaint do Riail 84 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0160/2026),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

3. á iarraidh ar an gComhairle fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa;

4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí

náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Ba cheart na catagóirí nua dleachta máil a leagtar síos i dTreoir (AE) .../...[1a+] ón gComhairle a chur leis na leibhéil treorach maidir le héadálacha ag daoine aonair príobháideacha dá n-úsáid féin.
	_____
	[1a] Treoir (AE) .../... ón gComhairle an ... maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac (athmhúnlú) (IO L ..., ..., ELI: ...).
	+ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad 2025/0580(CNS) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach
Aithris 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2b) Ba cheart athruithe ar na leibhéil treorach a bheith bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil táirgí atá sna catagóirí

nua faoi Threoir (AE0 …/… [IO: cuir isteach uimhir na Treorach atá i ndoiciméad 2025/0580(CNS)] mar roghanna malartacha ar tháirgí atá faoi réir na leibhéal treorach cheana faoi Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle. Ba cheart, dá bhrí sin, na leibhéil treorach le haghaidh na gcatagóirí nua sin a bheith inchomparáide le leibhéil na dtáirgí atá faoi réir na leibhéal treorach cheana faoi Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle.